

Plé le nochtadh faoi dhrochúsáid ghnéasach

Tá a fhios ag gach múinteoir go bhféadfaidís a bheith mar an duine fásta iontaofa i gcás ina nochtadh duine óg drochúsáid, drochúsáid ghnéasach san áireamh. I bhfianaise an méid sin, ba cheart go mbeadh cur amach ag múinteoirí ar Ráiteas Cumhdaithe na scoile i gcomhréir le *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna, 2017*, agus go mbeadh eolas acu ar a gcuid cúraimí sna próisis riachtanacha tuairiscithe agus cumhdaigh.

Ach é sin ráite, d'fhéadfadh féidearthacht bhreise teacht aníos go mbeadh an fhoghlaim faoi réimsí áirithe den OSPS/OCG ina spreagadh ag scoláire chun deacrachtaí pearsanta, drochúsáide nó eispéireas gnéasach gan iarraidh a nochtadh. Seachas nochtadh mar sin a fheiceáil mar fhadhb, tá sé tábhachtach go ndéanfaí machnamh ar an bhfreagairt agus atreorú iomchuí a d'fhéadfá a sholáthar mar ghairmí comhbhách, agus go bhfeicfí í mar sheirbhís rithábhachtach don duine óg sin.

Rudaí a nochtar a choinneáil sa seomra ranga

Is féidir aghaidh a thabhairt i dtosach ar aon nochtadh a dhéantar a shrianadh go hiomchuí. Ar an gcéad dul síos, tá sé tábhachtach go gcuirfí an scoláire ar an eolas go gcaithfidh tú an t-ábhar a insint do dhuine éigin má thugann seisean nó duine ar bith rud éigin aníos sa rang a thugann údar imní duit faoina fholláine nó faoina shábháilteacht (nó faoi fholláine nó sábháilteacht duine óig eile nó duine leochailigh). Ina theannta sin, is rud cuiditheach é a lua go bhféadfadh daoine a bheith buailte le roinnt de na téamaí in OSPS/OCG agus go bhféadfaidís teacht faoi do dhéin le tacaíocht a fháil tar éis an ranga dá mba amhlaidh an cás. Ba cheart go gcuirfí scoláire ar a shuaimhneas nach gcuirfí brú air riamh ná nach mbeifí ag dúil go labhródh sé faoi rud ar bith nach mbeadh sé compordach leis. D'fhéadfadh amanna a bheith ann nuair a theastódh ón múinteoir scoláire a stiúradh ar shiúl go bog ó chomhroinnt

taithí pearsanta sa rang d'fhonn meas a léiriú dá phríobháideachas féin nó do phríobháideachas daoine eile. Má dhéanann scoláire iarracht rud éigin a insint laistigh den rang féin, is féidir cur isteach go cúramach ar an méid atáthar a insint chun an nochtadh a shrianadh go dtí tar éis an ranga tráth ar féidir leat labhairt tuilleadh leis an scoláire.

Nuair a nochtann íospartach foréigin ghnéasaigh aon chuid dá eispéireas, d'fhéadfadh an-imní a bheith air roimh d'fhreagairt, go gcuirfí an milleán air féin, go ndiúltófaí dó nó nach gcreidfí é, agus roimh iarmhairtí na hinsinte. Tá fíorthábhacht leis an gcéad fhreagairt. Smaoinigh ar na tréithe a mbeadh sé ag súil leo i nduine a rachadh sé faoina dhéin agus déan iarracht na tréithe sin a chur in iúl. Bí feasach faoin ról a fheidhmíonn tú don duine sin, agus faoi na teorainneacha leis an méid tacaíochta is féidir leat a thairiscint dó. Gníomhaigh i gcónaí i gcomhréir le **Treoirlínte** do scoile **maidir le Cosaint Leanaí i gcomhréir leis an treoir Tús Áite do Leanaí**.

Is féidir leat teacht ar eolas anseo faoi d'fhreagrachtaí cumhdaigh

<https://www.pdst.ie/ChildProtection> - Nasc le hOiliúint agus le hAcmhainní

<https://www.education.ie/ga/Tuismitheoiri/Eolas/Cosaint-Leanaí/Eolas.html> -Nasc le príomhcheisteanna agus príomhfhreagraí i ndáil le Cosaint Leanaí

Topaicí ábhartha eile

Plé le comhráite dúshlánacha

Cad is seomra ranga OSPS sábháilte ann?

Plé le nochtadh faoi dhrochúsáid ghnéasach

Conas freagairt do scoláire agus tacaíocht a thabhairt dó

- Dá mbeifeá ag iarraidh labhairt le scoláire ina dhiaidh sin, nó dá dtiocfadh scoláire faoi do dhéin ag iarraidh do thacaíochta, cuardaigh áit chompondach chuí chun labhairt leis gan aon rud a chuirfeadh isteach air.
- Ná geall go gcoinneoidh tú faoi rún é. Mínigh don duine, dá mbeadh imní ar bith ort faoina fholláine nó faoina shábháilteacht (nó duine óg nó duine leochaileach eile) go mbeadh freagracht ort an fhaisnéis a chur ar aghaidh chuig duine éigin eile. Cuir an scoláire ar a chompond go seasfaidh tú leis an rúndacht (seachas sna cásanna thuasluaite). Ciallaíonn sé sin nach mbeidh a fhios ach ag na daoine ar gá é a insint dóibh.
- Abair leis an duine óg go gcreideann tú é. Is féidir é sin a chur in iúl an oiread chéanna trína bheith airdeallach air agus meas a thaispeáint dó seachas a rá leis go gcreideann tú é. Meabhraigh gur fóranamh a thugtar nochtadh bréagach.
- Uaireanta d'fhéadfadh duine an talamh a bhrath roimh ré trí labhairt faoi "chara leis". Má fhreagraíonn tú go maith dó sin, b'fhéidir go mbeadh sé in ann a admháil go mbaineann an fhadhb leis féin.
- Éist lena bhfuil sé ag rá leat, seachas labhairt láithreach bonn/ceisteanna a chur. Taispeáin go bhfuil tú ag éisteacht trí bheith airdeallach, sméideadh do chinn, teagmháil a choinneáil ar na súile, agus an méid a insíonn sé duit a léiriú ar ais dó.
- Ná cuir an iomarca ceisteanna agus bíodh na cinn a chuireann tú ina gceisteanna oscailte. Seachain treoircheisteanna ná ceisteanna tochailteacha a chur, ceadaigh am dó insint ar a luas féin, gan teacht faoi aon bhrú.
- Cuireann duine atá suaimhneach an duine eile ar a chompond. Meabhraigh gur thángthas faoi do dhéin toisc go bhfuil muinín aige ionat agus gur dócha go n-éistfidh tú leis, go dtabharfaidh tú cúram agus freagairt iomchuí dó. Feasacht ar theorainneacha do róil, agus muinín a chur i do scileanna agus do chumas laistigh de na teorainneacha sin; cuideoidh sé sin leat chun guaim a choimeád ort féin.
- Bí feasach faoin deacracht a bhaineann leis an insint. B'fhéidir go mbraithfeadh an duine náirithe, ciontach agus salach. Tabhair le fios dó go dtuigeann tú an deacracht a bhaineann le hinsint, agus an misneach a bhíonn de dhíth. Má léiríonn an duine óg ciontachas an drochúsáid, cuir ar a shuaimhneas é nach air féin atá an locht.
- Tabhair dearbhú don scoláire, mar léiriú nach ndeachthas i bhfeidhm go diúltach ar do dhearcadh ina leith agus cuir ar a shuaimhneas é go ndearna sé an rud ceart san insint.
- Bí cúramach nach dtugann tú gealltanais le d'fhuadar chun cabhair a thabhairt, nach féidir leat a chomhlíonadh. Feicfead an méid sin mar shárú muiníne. Smaoinigh sula ngeallann tú aon ní.
- Ná tabhair breithiúnais faoi dhéantóir na coire, tabhair breithiúnas ar an iompraíocht mhí-úsáideach. Is minic a bhraitheann an t-íospartach idir dhá chomhairle faoin mí-úsáideoir.
- Nuair a chuirtear deireadh leis an gcomhrá: Cuir ar a shuaimhneas é, inis dó faoi na chéad chéimeanna eile a bheidh i gceist agus tabhair eolas dó faoi acmhainní agus tacaíochtaí a bhíonn ar fáil dó.
- De réir mar is cuí, socraigh chun teagmháil a dhéanamh leis go gairid amach anseo.
- Breithnigh aon chéimeanna láithreacha a d'fhéadfadh cabhrú leis an duine a chosaint. Má bhaineann bagairt dó láithreach bonn, b'fhéidir go gcaithfí fios a chur ar na Gardaí.

Ina dhiaidh: Breac síos agus dátaigh an eachtra i scríbhinn. Coinnigh taifead fíorasach. Tuairiscigh an nochtadh gan mhoill do do Theagmhálaí Ainmnithe. Cloigh le nósanna imeachta Cosanta Leanaí do scoile le tacaíocht ó Theagmhálaí Ainmnithe do Scoile. Bí feasach faoin gcaoi a gcuireann éisteacht nochtá mar sin isteach ort. Tá sé tábhachtach do d'fhéinchúram féin go bpléann tú an chaoi a mbraitheann tú tar éis an nochtadh a chloisteáil. Bain úsáid as na tacaíochtaí a bhíonn ar fáil duit laistigh den scoil nó go seachtrach, chun tacú le d'fholláine féin.